

8 Eanáir 2009

LÁ CUIMHNEACHÁIN NÁISIÚNTA AN GHORTA MHÓIR 2009 Á REÁCHTÁIL SA SCIOBAIRÍN

Mhóir, a bhfuil an tAire Ó Cuív ina chathaoirleach air, agus eagraíodh Lá Cuimhneacháin Náisiúnta tionscnaimh an Ghorta Mhóir ar 25 Bealtaine 2008 i mBaile Átha Cliath.

Tá sé aontaithe anois ag Coiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir gur chóir go mbeadh imrothlú idir cheithre chúige na hÉireann. Moltar gur an Sciobairín, Co. Chorcaí, a bheas mar ionad d'imeacht 2009, a eagrófar ar 17 Bealtaine 2009. Ceaptar gur i gCo. Mhaigh Eo a bheas cuimhneachán 2010.

"Bhí ceantar an Sciobairín ar cheann de na ceantair is measa a ndeachaigh an Gorta Mór i bhfeidhm air. Tá na holluaigheanna d'idir 8,000 agus 10,000 íobartach de chuid an Ghorta Mhóir i Mainistir na Sruthrach in aice leis an Sciobairín mar fhianaise do na hiarmharta tubaisteacha ar theip tubaisteach an bhairr phrátaí sa cheantar le linn na 1840í. Tá mé ag dúil go mór leis na díospóireachtaí a thitfeas amach idir mo Roinn agus scairshealbhóirí ábhartha thar na seachtainí atá amach romhainn leis na socruithe riachtanacha a dhéanamh chun Lá Cuimhneacháin Náisiúnta 2009 a reáchtáil sa Sciobairín."

- Éamon Ó Cuív, T.D., Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Toradh eile leis an nGorta Mór ná go raibh ballraíocht láidir díréireach ag na Gaeil i measc na násiún a cruthaíodh tríd an eisimirce go mall sa 19ú céad agus go luath sa 20ú céad. Léiríonn pobail seo an diaspora – na Gaeil thar lear – dáimh shuntasach fós lena réamhtheachtaithe imirceacha ón nGorta Mór. I gcoinne an chúlra seo, socraíodh go n-eagrófaí cuimhneachán thar sáile go comhuaineach leis an Lá Cuimhneacháin Náisiúnta in Éirinn. Eagrófar imeacht 2009 ar 10 Bealtaine seo chugainn i gCeanada, a bhí mar bhaile ag na mílte daoine a raibh beaguchtach orthu agus a bhí ag fulaingt ocras agus galair a d'eascair as an nGorta Mór.

Cé gur tháinig an mhórchuid de na Gaeil-Cheanadacha tamall maith roimh an nGorta Mór, tháinig timpeall 250,000 idir 1845 agus 1855. Ba é 1847 an docharlíne ard mar gur thaisteal suas le 110,000 inimirceach, an mhórchuid acu ina ndéanaithe ón nGorta Mór, go Ceanada. Maíonn suas le 4 mhilliún Ceanadach (12.5% den daonra) oidhreacht Éireannach inniu agus tá pobail Éireannacha le fáil ar fud na tíre. I 2009 beidh comóradh 100 bliain ó tógadh Cros Cheilteach ollmhór, níos mó na daichead troigh in airde, a dhéanann cuimhneachán ar na 7,000 Éireannach idir fhir, mhná agus phaistí atá curtha ar Grosse Ile in aice le Cathair Quebec. Stáisiún coraintín a bhí in oileán Grosse Ile, agus thug muintir na háite 'L'Ile des Irlandais' – Oileán na nGael air.

Ghabh an tAire Ó Cuív a bhuíochas le baill Choiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir as a dtiomantas agus iad ag cinntiú go mbeidh cuimhne chúí ar imeachtaí tubaisteacha an Ghorta Mhóir agus go ndéanfar comóradh mar is ceart ar shaothar iontach na ndaoine a chuaigh ar imirce, agus ar shaothar a sleachta iomadúil thar lear.

Críoch